**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta*

**2023/0341(NLE)**

5.12.2023

*******

# DRÉACHTMHOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach
(XXXX/2023 – C9-XXXX/2023 – 2023/0341(NLE))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Jörgen Warborn

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................6

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ..............................................................................................................................8

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach**
**(13817/2023 – C9-XXXX/2023 – 2023/0341(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (13817/2023),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) a bhaineann le lamháltais a mhodhnú ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal AE CLXXV de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (13818/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-XXXX/2023),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0000/2023),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Ríocht na hIorua.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

In 2018, i bhfianaise tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, sheol AE caibidlíocht ar leibhéal na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT), faoi Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT), le Comhaltaí ábhartha EDT, chun coigeartú a dhéanamh ar chuótaí ráta taraife AE atá ann cheana arna gcomhaontú ag EDT. Bhí príomhleas soláthair nó leas substaintiúil soláthair ag na Comhaltaí ábhartha nó bhí ceart caibidlíochta tosaigh acu i ndáil leis an gcuóta ráta taraife sin.

Ba é bunphrionsabal na gcaibidlíochtaí ná 'cur chuige comhpháirteach' a forbraíodh idir AE agus an Ríocht Aontaithe siar in 2017 maidir le conas na gealltanais chainníochtúla a 'chionroinnt', ar ceangaltais iad atá i sceideal EDT de chuid AE28 maidir leis na 143 tharaif-chuóta talmhaíochta, éisc agus tionsclaíocha EDT de chuid AE.

Ba é bunús an chur chuige seo ná go gcoimeádfar dlús gach cuóta ráta taraife atá ann faoi láthair ina iomláine amach anseo, ach go ndéanfar iad a roinnt idir dhá chríoch custaim éagsúla: AE27 agus an Ríocht Aontaithe. Tá prionsabal na modheolaíochta atá i bhfeidhm bunaithe ar na sreafaí trádála isteach in AE27 agus isteach sa Ríocht Aontaithe le linn tréimhse thagartha ionadaíochta trí bliana, ó 2013 go 2015, do gach cionroinnt taraif-chuótaí EDT.

Déantar cur síos mionsonraithe ar an modheolaíocht i Rialachán (AE 2019/216 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cuótaí rátaí taraife a áirítear i sceideal EDT an Aontais a chionroinnt tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 32/2000 ón gComhairle. Tugtar de chumhacht don Choimisiún le hAirteagal 2(b) de Rialachán (AE) 2019/216 na scaireanna cionroinnte a leasú agus faisnéis ábhartha á cur san áireamh, ar faisnéis í a d'fhéadfadh sé a fháil i gcomhthéacs na gcaibidlíochtaí faoi Airteagal XXVIII (GATT) 1994 nó ó fhoinsí eile lena mbaineann suim i gcuóta ráta taraife ar leith.

Mar thoradh ar an gcaibidlíocht idir an tAontas agus an Iorua, síníodh Comhaontú an 17 Nollaig 2020, a tháinig i bhfeidhm an 10 Bealtaine 2021.

Mar thoradh ar chaibidlíocht a rinneadh ina dhiaidh sin le Baill eile de EDT, chomhaontaigh an tAontas athrú a dhéanamh ar scaireanna i dtrí chuóta ráta taraife a raibh cearta caibidlíochta ag an Iorua ina leith: dhá chuóta ráta taraife ar earnáil na muiceola agus ceann eile ar phúdar bainne bearrtha.

Rinneadh scair AE27 de tharaif-chuóta dhá *erga omnes* in earnáil na muiceola a athbhreithniú go 4 786 tona agus 5 720 tona faoi seach, agus tréimhse thagartha níos déanaí ó 2015 go 2017 á cur san áireamh.

Rinneadh athbhreithniú ar scair AE27 de chuóta ráta taraife *erga omnes* ar phúdar bainne bearrtha go 62 917 tona chun méid nach bhfuil inmharthana ó thaobh na tráchtála de ar thaobh na Ríochta Aontaithe a sheachaint.

Tar éis comhairliúcháin dhéthaobhacha, chomhaontaigh Ríocht na hIorua leis na modhnuithe agus leis na gealltanais chainníochtúla a tháinig astu a thóg an tAontas air féin, nach bhfuil an Ríocht Aontaithe san áireamh ann a thuilleadh.

I gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, tá gá le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa chun go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena dtabharfar an Comhaontú i gcrích agus go dtiocfaidh

sé i bhfeidhm in am trátha.

I bhfianaise an mhéid thuasluaite, molann an Rapóirtéir go dtabharfaidh an Pharlaimint a toiliú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, gan dochar dá ceart daonlathach maidir le grinnscrúdú leanúnach.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.